

MULÁN INDREABHÁIN AGUS MULÁN CHADAIR.

I lár na teisceine móire leath bealaigh idir Chasla agus Arainn is ann atá mulán Indreabháin agus mulán Chadair. Dá charraig iad atá sé feadh déag faoi uisge ní faca aon duine ariamh os cionn uisge iad. Tógfaidh tú feamainn ar do dhorugha aníos ann. Níl aon bhreac a snáimh an fhairrge ariamh nach seasann ann ach an sgadán. Dá mbadh é an ballach fein atá buailte ar an gcladach seasfaidh sé ann ach níl aon bhreac is coitcheanta ann ná an bréam. Iasgairí an Chladaigh is ann a thiocfaidh siad nuair atá siad ag iarraidh bréams. Ní sheasann an sgadán ann. Gheobfaidh tú an crúdán ann. Gheobhfaidh tú an mangach ann. Gheobhfadh tú an trosgán ann. Gheobfaidh tú an bláithnín carraige ann, gheobfaidh tú an faoitín ann, gheobhfaidh tú an ballach muire ann, geobhfaidh tú an longa ann, gheobfaidh tú an chadóg ann, geobhfaidh tú an turbard ann. Geobhfaidh tú Jack a Dory (Séan an Díthreabhaigh) ann, geobhfaidh tú an Sole, geobhfaidh tú an leathóg ann. Tá an dá mhulán ró fhada ó thalamh le haghaidh sgadáin seasamh ann. Trí thrían de shláinte an sgadáin uisge na talmhana agus dhá thrían de shláinte an bhradáin uisge na fairrge. Sin é an fáth go seasann an sgadán i n-áit a bhfuil na haibhneacha ag Casla, agus ar an Áth Lín (ag abhainn an chnuic) agus ar an ród i nGaillimh ar aghaidh na Coirbe, ach mór chuala mé ariamh gur sheas an sgadán ag béal abhann Chruimlin. bíonn an liobhán gréine féin ag an dá mhulán. Bhuaile mé féin buille den mhaide rámha air.

26/5/30.